## ALT 10 AN tACHT UM PÓILÍNEACHT, SLÁNDÁIL AGUS SÁBHÁILTEACHT POBAIL, 2024

### Ordú Ginearálta Uimh. 4A

Tugann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, leis seo de bhun cumhachtaí a bhronntar di le hAlt 10(5) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, an t-ordú seo a leanas maidir le hionchúisimh a thionscnamh agus a sheoladh maidir le líomhaintí gur cuireadh foirm um athrú sonraí RF111 ar aghaidh chuig oifig mhótarchánach chun a dhearbhú go bréagach gur cuireadh inneall nua isteach i bhfeithicil a raibh toilleadh innill laghdaithe aici.

I gcásanna den sórt sin toilíonn an Stiúrthóir diúscairt achomair a dhéanamh gan comhad Garda a chur isteach i ndáil leis an gcion meabhlaireachta faoi alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 i gcás nach mó luach an ghnóthachain nó an chaillteanais ná €7,000.

Ba cheart don Gharda a bhfuil an cás á iompar acu machnamh a dhéanamh ar chomhad a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in aon chás, cé gur leis an toiliú ginearálta thuas a gabhadh an cion nó na cionta, tugann iolracht na gcúiseamh nó taifead roimhe seo an chúisí nó imthosca géaraitheacha eile le fios go mbeadh diúscairt achomair míchuí nó go mbeadh pianbhreith 12 mhí (nó i gcás pianbhreithe 24 mí níos mó ná uair amháin) neamhleor.

Scoirfidh Ordú Ginearálta Uimh. 3A (an 8 Samhain 2021) d'éifeacht a bheith leis an 2 Aibreán 2025.



Catherine Pierse
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

2 Aibreán 2025

**Nóta míniúcháin:**

Tagann an t-Ordú Ginearálta Uimh. 4A seo in ionad Ordú Ginearálta Uimh. 3A an 8 Samhain 2021.